



Seimineár Gréasáin agus Seisiúin Thacaíochta do Mhúinteoirí Gaelige Lar-bhunscoile - Mí na Samhna

Reáchtálfaidh Foireann na Gaelige PDST **seimineár gréasáin** ar líne do mhúinteoirí Gaelige lar-bhunscoile i rith Mhí na Samhna 2021. Reáchtálfar **dhá sheisiúin tacaíochta** ar líne i ndiaidh an tseimineáir ghréasáin le deis a thabhairt do mhúinteoirí Gaelige teacht le chéile, plé a dhéanamh agus dea-chleachtas a roinnt ar a chéile.

Seimineár Gréasáin: An Fhoghlaim Chumaisc

Dáta: 17 Samhain 2021

Am: 7.30in

Seo deis eile freastal ar an seimineár gréasáin “An Fhoghlaim Chumaisc”. Sa seimineár gréasáin seo díreofar isteach ar:

- an bhfoghlaim chumaisc agus na prionsabail taobh thiar de.
- na samhlacha éagsúla agus múinteoirí i mbun planála
- chomhtháthú na cúig scil teanga agus an teicneolaíocht sa rang Gaelige
- mheastóireacht, dhifreáil agus ar dhea-chleachtas a roinnt ar mhaithe le gach scoláire sa rang.

Seisiúin Thacaíochta

Bunaithe ar an seimineár gréasáin “An Fhoghlaim Chumaisc” tabharfar dhá dheis do mhúinteoirí teacht le chéile faoi stiúir chomhairleora, ar an 23 nó 24 Samhain, chun ábhar an tseimineáir ghréasáin a phlé. Beidh deis dea-chleachtas a chomhroinnt ar a chéile agus comhrá a dhéanamh faoin mbealach a éascaíonn na samhlacha éagsúla an fhoghlaim laistigh den seomra ranga agus sa bhaile.

An Fhoghlaim Chumaisc - Seisiún Tacaíochta 1

Dáta: 23 Samhain

Am: 7.30in

nó

An Fhoghlaim Chumaisc - Seisiún Tacaíochta 2

Dáta: 24 Samhain

Am: 7.30 in

Beidh teorann ar líon na ndaoine a bheidh in ann freastal ar na seisiúin thacaíochta. Mairfidh na seisiúin ar fad thart ar uair an chloig. **Ní mór freastal/féachaint ar an seimineár gréasáin roimh fhreastal ar na seisiúin thacaíochta.** Beidh béim ar dhea-chleachtas a roinnt. Táimid ag tnúth go mór leis an gcomhrá.

Is féidir clárú don seimineár gréasáin agus na seisiúin thacaíochta seo ar www.pdst.ie/onlinebooking
Caithfear clárú do gach seisiún ceann ar cheann.

Seol ríomhphost chuig onlinebooking@pdst.ie má tá aon deacracht agat clárú do na seisiúin thacaíochta.